2026/2137

23.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/2137 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/486/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintiteas áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 a bhaineann le bearta sriantacha a dhírítear i gcoinne daoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Lúnasa 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/486/CBES.

(2) An 10 Márta 2026, an 13 Aibreán 2026, an 15 Aibreán 2026 agus an 28 Aibreán 2026, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an fhaisnéis a bhaineann le 24 dhuine agus eintiteas amháin atá faoi réir bearta sriantacha a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/486/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([1]) IO L 199, 2.8.2011, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/486/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES mar a leanas:

(1) Faoin gceannteideal 'A. Daoine aonair a bhfuil baint acu leis an Talaban', cuirtear an méid a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

'(1) **Abdul Baqi Basir Awal Shah (ar a dtugtar freisin (a) Abdul Baqi, (b) Abdul Baqi Haqqani.**

Ainm (bunscríbhinn): عبد الباقي بصير أول شاه

Teideal: (a) Maulavi, **(b)** Mullah. **Forais leis an liostú: (a)** Gobharnóir chúigí Khost agus Paktika faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(b)** Leas-Aire Faisnéise agus Cultúir faoi réimeas an Talaban (1991-2001), **(c)** Roinn Consalachta, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha faoi réimeas an Talaban (1991-2001). **Dáta breithe: (a)** Idir 1960 agus 1962 **(b)** an 1 Eanáir 1967. **Áit bhreithe: (a)** cathair Jalalabad, cúige Nangarhar, an Afganastáin, **(b)** ceantar Shinwar, cúige Nangarhar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009724 (a eisíodh an 13 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Abdul Baqi Haqqani; rachaidh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2026). **Seoladh:** Afshar Main Road Police District 5 gar do Kabul Education University, Cabúl, an Afganastáin **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 23.2.2001.

Faisnéis eile: Comhalta den Talaban a bhí freagrach as cúige Nangarhar in 2008. Airde 175 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 1 Meitheamh 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1493921

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Abdul Baqi ina Ghobharnóir ar dtús ar chúigí Khost agus Paktika do réimeas an Talaban. Ceapadh ina dhiaidh sin é ina Leas-Aire Faisnéise agus Cultúir. D'oibrigh sé freisin i Roinn Consalachta Aireacht Gnóthaí Eachtracha réimeas an Talaban.

Le linn 2003, bhí baint ag Abdul Baqi le gníomhaíochtaí míleata frithrialtais i gceantair Shinwar, Achin, Naziyan agus Dur Baba i gcúige Nangarhar. Ó 2009 i leith, bhí sé i mbun gníomhaíochtaí míleata a eagrú ar fud réigiún an oirthir, go háirithe i gcúige Nangarhar agus i gcathair Jalalabad.

(14) **Hamidullah Akhund Sher Mohammad (ar a dtugtar freisin (a) Janat Gul (b) Hamidullah Akhund (c) Saeed Hamidullah (d) Sher Mohammad).**

Ainm (bunscríbhinn): حميد الله آخوند شير محمد

Teideal: Mullah. **Forais leis an liostú:** Ceann Ariana Afghan Airlines faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** Idir 1972 agus 1973 **(b)** an 22 Márta 1973. **Áit bhreithe: (a)** sráidbhaile Sarpolad, ceantar Washer, cúige Helmand, an Afganastáin **(b)** ceantar Arghandab, cúige Kandahar, an Afganastáin **(c)** Uruzgan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009721 (a eisíodh an 12 Deireadh Fómhair 2021, faoin ainm Hamidullah Saeed; rachaidh sé in éag an 12 Deireadh Fómhair 2026). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Is ball den treibh Ghilzai é. Airde: 175cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 21 Iúil 2010. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427570

(15) **Mohammad Hassan Akhund.**

Ainm (bunscríbhinn): محمد حسن آخوند

Teideal: **(a)** Mullah, **(b)** Haji. **Forais leis an liostú:** **(a)** An Chéad Leas-Aire, Comhairle na nAirí faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(b)** Aire Gnóthaí Eachtracha faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(c)** Gobharnóir Kandahar faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(d)** Comhairleoir Polaitiúil Mullah Mohammed Omar. **Dáta breithe:** **(a)** Idir 1955 agus 1958, **(b)** Idir 1945 agus 1950. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Pashmul, ceantar Panjwai, cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Afganastáin P04581926 (a eisíodh an 7 Lúnasa 2024 in Kandahar na hAfganastáine; rachaidh sé in éag an 7 Lúnasa 2034). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Is dlúthchomhlach le Mullah Mohammed Omar é. Tá sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó mhí na Nollag 2009 ar aghaidh. Is den treibh Baabar é. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 21 Iúil 2010. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427207

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is dlúthchomhlach agus Comhairleoir Polaitiúil de chuid Mohammed Omar é Mohammad Hassan Akhund.

Bhí Mohammad Hassan Akhund fós ina cheannaire gníomhach de chuid an Talaban i lár na bliana 2009. Tá sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó mhí na Nollag 2009. Bhí sé ar dhuine de na ceannasaithe Talaban is éifeachtaí ó thús 2010.

(17) **Mohammad Essa Akhund (ar a dtugtar freisin Mohammad Eisa Sani).**

Ainm (bunscríbhinn): محمد عیسی آخوند

Teideal: **(a)** Alhaj, **(b)** Mullah. **Forais leis an liostú:** An tAire Uisce, Sláintíochta agus Leictreachais faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe:** **(a)** Thart ar 1958 **(b)** an 22 Feabhra 1957. **Áit bhreithe:** limistéar Mial, ceantar Spin Boldak, cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0010402 (a eisíodh an 4 Lúnasa 2024 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Mohammad Eisa Sani; rachaidh sé in éag an 4 Lúnasa 2029). **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Is den treibh Nurzai é. Airde 185 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 27 Iúil 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2006-25957

(29) **Azizirahman Abdul Ahad (ar a dtugtar freisin Azizurahman Abdul Ahad).**

Ainm (bunscríbhinn): عزيز الرحمان عبد الاحد

Teideal: Forais leis an liostú: Tríú Rúnaí, Ambasáid an Talaban, Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (1996-2001) **Dáta breithe: (a)** 1972 **(b)** an 23 Bealtaine 1971. **Áit bhreithe:** cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Pas na hAfganastáine P02504168 (a eisíodh an 12 Samhain 2019 in Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoin ainm Azizurahman Abdul Ahad; rachaidh sé in éag an 12 Samhain 2029). **Uimhir aitheantais náisiúnta:** 44323 (cárta aitheantais náisiúnta na hAfganastáine (tazkira)). **Seoladh**: Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Is den treibh Hotak é. Airde 169 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 29 Iúil 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2012-306385

(30) **Abdul Ghani Baradar Abdul Ahmad Turk (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Baradar Akhund, (b) Abdul Ghani Baradar).**

Ainm (bunscríbhinn): عبدالغنی برادر عبد الاحمد ترک

Teideal: Mullah. **Forais leis an liostú:** An Leas-Aire Cosanta faoi réimeas an Talaban. **Dáta breithe: (a)** Thart ar 1968 **(b)** An 29 Meán Fómhair 1963. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Yatimak, ceantar Dehrawood, cúige Uruzgan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** an Afganastáin. **Pasuimhir: (a)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009751 (a eisíodh an 16 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin; rachaidh sé in éag an 16 Deireadh Fómhair 2026), **(b)** an Afganastáin P04999950 (a eisíodh an 4 Feabhra 2025, rachaidh sé in éag an 4 Feabhra 2035). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 23.2.2001.

Faisnéis eile: Is den treibh Popalzai é. Airde 173 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 1 Meitheamh 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Abdul Ghani Baradar ina cheannasaí míleata sinsearach sa Talaban agus ina bhall de cheannaireacht an Talaban i mí Feabhra 2010.

Mar Leas-Aire Cosanta an Talaban, measadh go raibh sé ar dhuine d'ionadaithe Mohammed Omar agus go raibh sé i gceannas ar rannóg gnóthaí míleata an Talaban.

Ba chomhalta lárnach de líonra an Talaban é agus d'eagraigh sé oibríochtaí an Talaban i gcoinne Rialtas na hAfganastáine agus an Fhórsa Cúnaimh Slándála Idirnáisiúnta i ndlúthchomhar le hAire Cosanta an Talaban, Ubaidullah Akhund.

(39) **Din Mohammad Hanif (ar a dtugtar freisin (a) Qari Din Mohammad, (b) Iadena Mohammad (c) Iadenamohammad Nazri Mohammad).**

Ainm (bunscríbhinn): دین محمد حنی ف

Teideal: Qari. **Forais leis an liostú: (a)** Aire Pleanála faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(b)** Aire Ardoideachais faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** Thart ar 1955. **(b)** 1 Eanáir 1964. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Shakarlab, ceantar Yaftali Pain, cúige Badakhshan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir: (a)**pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009731 (a eisíodh an 13 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Iadenamohammad Nazri Mohammad; rachaidh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2026), **(b)** OA 454044, arna eisiúint san Afganastáin. Seoladh: Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Comhalta d'Ardchomhairle an Talaban atá freagrach as cúigí Takhar agus Badakhshan. Airde 172 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 27 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2007-47175

(43) **Khalil Ahmed Haqqani (ar a dtugtar freisin (a) Khalil Al-Rahman Haqqani, (b) Khalil ur Rahman Haqqani, (c) Khaleel Haqqani).**

Ainm (bunscríbhinn): خلیل احمد حقانی

Teideal: Haji. **Dáta breithe: (a)** 1.1.1966, **(b)** Idir 1958 agus 1964. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Sarana, limistéar Garda Saray, ceantar Waza Zadran, cúige Paktia, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Seoladh:** Sráidbhaile Sarana Zadran, cúige Paktia, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 9.2.2011.

Faisnéis eile: Thaistil sé chuig Dubai in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha roimhe seo, agus bhailigh sé cistí ann. Is deartháir é le Jalaluddin Haqqani agus uncail le Sirajuddin Jallaloudine Haqqani. D'éag sé, de réir tuairiscí, an 11 Nollaig 2024. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1929286

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Khalil Ahmed Haqqani ina chomhalta sinsearach den Haqqani Network, grúpa míleatach atá cleamhnaithe leis an Talaban agus a oibríonn ó North Waziristan Agency i gCeantair Threibhe faoi Riaradh Cónaidhmeach na Pacastáine. Bhí sé chun tosaigh sa ghníomhaíochtaí ceannairceacha san Afganastáin, bhunaigh deartháir Khalil Haqqani, Jalaluddin Haqqani, an Haqqani Network, a chuaigh isteach le réimeas Talaban Mullah Mohammed Omar i lár na 1990í.

Bíonn Khalil Haqqani i mbun gníomhaíochtaí bailithe airgid thar ceann an Talaban agus an Haqqani Network, agus is minic a bhíonn sé ag taisteal go hidirnáisiúnta chun bualadh le lucht tacaíochta airgeadais. Ó mhí Mheán Fómhair 2009, thaistil Khalil Haqqani go stáit na Murascaille agus bhailigh sé cistí ó fhoinsí ansin, agus ó fhoinsí san Áise Theas agus Thoir.

Tugann Khalil Haqqani tacaíocht freisin don Talaban agus don Haqqani Network atá ag feidhmiú san Afganastáin. Ó thús 2010, chuir Khalil Haqqani cistí ar fáil do chealla Talaban i gcúige Logar na hAfganastáine. In 2009, sholáthair agus rialaigh Khalil Haqqani thart ar 160 comhraiceoir i gcúige Logar na hAfganastáine, agus bhí sé ar dhuine de roinnt daoine a bhí freagrach as príosúnaigh naimhdeacha a ghabh an Talaban agus an Haqqani Network a choinneáil. Tá orduithe glactha ag Khalil Haqqani d'oibríochtaí an Talaban óna nia Sirajuddin Haqqani.

Ghníomhaigh Khalil Haqqani thar ceann Al-Qaida freisin agus tá baint aige lena oibríochtaí míleata. In 2002, d'imscar Khalil Haqqani fir chun eilimintí Al-Qaida a threisiú i gCúige Paktia na hAfganastáine. Is é Khalil Ahmed Haqqani deartháir Mohammad Ibrahim Omari agus uncail Nasiruddin Haqqani agus Badruddin Haqqani (marbh).

(48) **Sirajuddin Jallaloudine Haqqani (ar a dtugtar freisin (a) Siraj Haqqani (b) Serajuddin Haqani (c) Siraj Haqani (d) Saraj Haqani (e) Abdul Satar Abdullah).**

Forais leis an liostú: Na'ib Amir (Leas-Cheannasaí) (1996-2001). **Dáta breithe:** Idir (thart ar) 1977 agus 1978. **Áit bhreithe: (a)** Danda, Miramshah, Waziristan Thuaidh, an Phacastáin, **(b)** sráidbhaile Srana, ceantar Garda Saray, cúige Paktia, an Afganastáin, **(c)** ceantar Neka, cúige Paktika, an Afganastáin, **(d)** cúige Khost, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir: (a)** uimhir na hAfganastáine P00032260 (a eisíodh an 30 Meitheamh 2022 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Abdul Satar Abdullah; rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2032.) **(b)** uimhir D0010367 na hAfganastáine (a eisíodh an 18 Bealtaine 2024 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Sirajuddin Haqqani; rachaidh sé in éag an 18 Bealtaine 2029). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 13.9.2007.

Faisnéis eile: i gceannas ar an Haqqani Network ó dheireadh 2012. Mac le Jalaluddin Haqqani. Baineann sé le stráice Sultan Khel, treibh Zadran de Garda Saray de chúige Paktia, an Afganastáin. Airde 187cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 27 Iúil 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2007-44300

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Sirajuddin Jallaloudine Haqqani ar cheann de na ceannairí is suntasaí, is mó tionchar, is dáimhiúla agus is mó taithí laistigh den Haqqani Network, grúpa trodaithe a bhfuil dlúthcheangal acu leis an Talaban agus le Al-Qaida araon, agus tá sé ar cheann de phríomhcheannasaithe oibríochtúla an líonra ó 2004 i leith. Tar éis thitim an Talaban in 2001, ghlac Sirajuddin Haqqani ceannas ar an Haqqani Network agus ó shin i leith bhí sé i gceannas ar an ngrúpa ar thús cadhnaíochta i ngníomhaíochtaí ceannairceacha san Afganastáin.

Faigheann Sirajuddin Haqqani cuid mhór dá chumhacht agus dá údarás óna athair, Jalaluddin Haqqani, iarAire réimeas an Talaban, a bhí ina cheannasaí míleata ar an Talaban agus a bhí ina idirghabhálaí do Al-Qaida agus don Talaban ar an dá thaobh de theorainn na hAfganastáine/na Pacastáine. Le linn dó a bheith ina Aire ar réimeas an Talaban, bhunaigh Jalaluddin Haqqani dlúthnaisc le Al-Qaida.

Tá dlúthbhaint ag Sirajuddin Haqqani leis an Talaban, a chuireann cistiú ar fáil dó dá chuid oibríochtaí. Faigheann sé maoiniú freisin ó ghrúpaí agus ó dhaoine aonair éagsúla eile, lena n-áirítear tiarnaí drugaí. Is cainéal lárnach é le haghaidh oibríochtaí sceimhlitheoireachta san Afganastáin agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí i Limistéir Threibhe faoi Riaradh Cónaidhme na Pacastáine. Chuir Mullah Dadullah, a bhí ar dhuine de cheannasaithe míleata is mó ar an Talaban ag an am, a naisc leis an Talaban ar fáil go poiblí i mí na Bealtaine 2006, agus dúirt sé gur oibrigh sé le Sirajuddin Haqqani agus go raibh oibríochtaí beartaithe aige leis. Tá naisc aige freisin le Jaish-i-Mohammed.

Tá baint ghníomhach ag Sirajuddin Haqqani le hionsaithe a phleanáil agus a chur i gcrích atá dírithe ar Fhórsaí Cúnaimh Slándála Idirnáisiúnta (ISAF), ar oifigigh agus ar shibhialtaigh na hAfganastáine, go príomha i réigiúin thoir agus theas na hAfganastáine. Is minic a earcaíonn agus a sheolann sé trodaithe chuig Cúigí Khost, Paktia agus Paktika san Afganastáin.

Bhí baint ag Sirajuddin Haqqani leis an ionsaí buamála féinmharaithe ar bhus de chuid Acadamh na bPóilíní i gCabúl an 18 Meitheamh 2007 inar maraíodh 35 phóilín. Tá a dheartháireacha Nasiruddin Haqqani agus Badruddin Haqqani (marbh), agus a uncail Mohammad Ibrahim Omari agus Khalil Ahmed Haqqani liostaithe freisin.

(52) **Najibullah Haqqani Hidayatullah (ar a dtugtar freisin (a) Najibullah Haqani (b) Najeebullah Hayat).**

Ainm (bunscríbhinn): نجیب الله حقانی هدایت الله

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú:** Leas-Aire Airgeadais faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** 1971 **(b)** an 24 Deireadh Fómhair 1972. **Áit bhreithe:** Sráidbhaile Moni, Ceantar Shigal, Cúige Kunar. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009871 (a eisíodh an 6 Feabhra 2022 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Najeebullah Hayat; rachaidh sé in éag an 6 Feabhra 2027). Cárta aitheantais náisiúnta Afganastánach (tazkira) uimhir 545167, a eisíodh in 1974. **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 23.2.2001.

Faisnéis eile: Col ceathrair le Moulavi Noor Jalal. Salam is ainm don seanathair. Comhalta den Talaban a bhí freagrach as Cúige Laghman ó dheireadh 2010. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 1 Meitheamh 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2007-47312

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Najibullah Haqqani Hydayatullah ina Leas-Aire Airgeadais ar réimeas an Talaban freisin. Cuireadh an t-ainmniú sin leis an Liosta an 18 Iúil 2007. An 27 Meán Fómhair 2007, nuashonraíodh liostú an ainm sin chun ainmniú bunaidh "Leas-Aire na nOibreacha Poiblí i réimeas an Talaban" a bhaint.

Bhí Najibullah Haqqani Hydayatullah ina chomhalta de Chomhairle an Talaban i gCúige Kunar na hAfganastáine, amhail i mí na Bealtaine 2007. Is col ceathrair de Noor Jalal é. I mí an Mheithimh 2008, cheap ceannaireacht an Talaban é mar an duine atá freagrach as gníomhaíocht mhíleata i gCúige Kunar.

Bhí Najibullah Haqqani Hidayatullah ina chomhalta den Talaban a bhí freagrach as Cúige Laghman ó dheireadh 2010.

(53) **Gul Agha Ishakzai (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Gul Agha, (b) Mullah Gul Agha Akhund (c) Hidayatullah Badri (d) Hedayatullah Hedayat (e) Hedayatullah Badri).**

Ainm (bunscríbhinn): گُل آغا اسحاقزی

Dáta breithe: (a) thart ar 1972 **(b)** an 27 Iúil 1976. **Áit bhreithe:** Bande Temur, Ceantar Maiwand, Cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir: (a)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0010408 (a eisíodh an 26 Lúnasa 2024 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Hedayatullah Badri; rachaidh sé in éag an 26 Lúnasa 2029) **(b)** Pas na hAfganastáine P03318995, arna eisiúint an 29 Iúil 2020 (faoin ainm Hedayatullah Hedayat; rachaidh sé in éag an 29 Iúil 2025) **Seoladh:** Ibni-Sina Watt, Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 20.7.2010.

Faisnéis eile: Ceann Choimisiún Airgeadais an Talaban i lár 2013. Dlúthbhaint aige le Mullah Mohammed Omar. Bhí sé ina phríomhoifigeach airgeadais ag Omar agus ar dhuine de na comhairleoirí is gaire dó. Is den treibh Ishaqzai é. Airde: 156cm. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1621285

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is é Gul Agha Ishakzai ceann choimisiún airgeadais an Talaban agus is cuid é de chomhairle Talaban a cruthaíodh le déanaí a chomhordaíonn bailiúchán zakat (cáin Ioslamach) ó Chúige Baluchistan, an Phacastáin. Bhailigh sé airgead freisin le haghaidh ionsaithe féinmharaithe in Kandahar na hAfganastáine, agus bhí baint aige le cistí a eisíoc le trodaithe Talaban agus lena dteaghlaigh.

Bhí Gul Agha Ishakzai, cara le linn na hóige de chuid cheannaire an Talaban, Mullah Mohammad Omar, ina phríomhoifigeach airgeadais in Omar agus ar dhuine de na comhairleoirí is gaire dó. Ag an am céanna, níor ceadaíodh d'aon duine bualadh le Mullah Omar mura mbeadh sé sin ceadaithe aige. Bhí cónaí air sa phálás uachtaránachta le Omar le linn réimeas an Talaban.

I mí na Nollag 2005, d'éascaigh Gul Agha Ishakzai gluaiseacht daoine agus earraí chuig campaí oiliúna an Talaban; ag deireadh 2006 thaistil sé thar lear chun páirteanna arm a fháil.

(54) **Qudratullah Jamal (ar a dtugtar freisin Haji Sahib).**

Ainm (bunscríbhinn): قدرت الله جمال

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú:** Aire Faisnéise faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe:** thart ar 1963. **Áit bhreithe:** Gardez, Cúige Paktia, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine D00010126. **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Comhalta d'Ardchomhairle an Talaban agus comhalta de Choimisiún Cultúrtha an Talaban in 2010. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 21 Iúil 2010. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427404

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

I mí Aibreáin 2009, d'fhógair ceannaireacht an Talaban postú Qudratullah Jamal mar a Oifigeach Idirchaidrimh dá lucht tacaíochta agus dá chairde ar fud an domhain. Bhí sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban agus ina chomhalta de Choimisiún Cultúrtha an Talaban ó 2010.

(58) **Khairullah Khairkhwah (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Khairullah Khairkhwah, (b) Khirullah Said Wali Khairkhwa (c) Khirullah Khairkhwa).**

Ainm (bunscríbhinn): خیرالله خیرخواه

Teideal: (a) Maulavi **(b)** Mullah. **Forais leis an liostú: (a)** Gobharnóir Chúige Herat faoi réimeas an Talaban (1996-2001) **(b)** Urlabhraí réimeas an Talaban (1996-2001) **(c)** Gobharnóir chúige Chabúl faoi réimeas an Talaban (1996-2001) **(d)** Aire Gnóthaí Inmheánacha faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1963 **(b)** an 4 Meitheamh 1969. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Poti, Ceantar Arghistan, Cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine, uimhir D0009770, a eisíodh an 31 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin, ag dul in éag an 31 Deireadh Fómhair 2026). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Is den treibh Popalzai é. Airde 176cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 23 Iúil 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2006-25973

(62) **Abdul Latif Mansur (ar a dtugtar freisin (a) Abdul Latif Mansoor, (b) Wali Mohammad).**

Ainm (bunscríbhinn): عبد اللطيف منصور

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú:** Aire Talmhaíochta faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1968 **(b)** 12 Samhain 1967 **Áit bhreithe**: **(a)** Ceantar Zurmat, Cúige Paktia, an Afganastáin, **(b)** Ceantar Garda Saray, Cúige Paktia, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** an Afganastáin. **Pasuimhir: (a)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009720 (a eisíodh an 12 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Abdul Latif Mansoor; rachaidh sé in éag an 12 Deireadh Fómhair 2026) **(b)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0010442 (a eisíodh an 13 Samhain 2024; rachaidh sé in éag an 13 Samhain 2029). **Seoladh:** Darul Aman, Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 31.1.2001.

Faisnéis eile: Gobharnóir scáthanna Talaban do Chúige Logar ó dheireadh 2012. Baineann sé le treibh Sahak (Ghilzai). Airde 170cm.

Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 27 Iúil 2010. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427385

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Abdul Latif Mansur ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban agus ina Cheann ar Choimisiún Polaitiúil na Comhairle ó 2009. Bhí sé ina scáth-ghobharnóir Talaban ar Chúige Nangarhar, an Afganastáin, in 2009 agus ina Cheann ar choimisiún polaitiúil an Talaban i lár 2009. Amhail ó mhí na Bealtaine 2010, bhí Abdul Latif Mansur ina cheannasaí sinsearach Talaban in oirthear na hAfganastáine.

(66) **Fazl Mohammad Mazloom (ar a dtugtar freisin (a) Molah Fazl, (b) Fazel Mohammad Mazloom (c) Mohammas Fadel Aakhund).**

Ainm (bunscríbhinn): فضل محمد مظلوم

Teideal: Mullah. **Forais leis an liostú:** Leas-Cheann Foirne Arm réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** Idir 1963 agus 1968 **(b)** an 24 Deireadh Fómhair 1971. **Áit bhreithe:** Uruzgan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009726 (a eisíodh an 13 Deireadh Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Mohammad Fadel Aakhund; rachaidh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2026). **Seoladh:** Catar Pule Mahmood Khan, PD2, 10011, Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: 23.2.2001.

Faisnéis eile: An chos chlé in easnamh ó bhí 1996 ann. Gortú tromchúiseach ar a chos dheas. Airde 168cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 23 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/4707186

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Fazl Mohammad Mazloom ina dhlúthchomhlach le Mohammed Omar agus chuidigh sé leis rialtas an Talaban a bhunú. Bhí Mazloom ag campa oiliúna Al-Farouq a bhunaigh Al-Qaida. Bhí a fhios aige gur thug an Talaban cúnamh do Ghluaiseacht Ioslamach na hÚisbéiceastáine i bhfoirm tacaíochta airgeadais, arm agus lóistíochta mar mhalairt ar shaighdiúirí a chur ar fáil don Talaban.

Bhí sé ina cheannasaí ar thart ar 3 000 trúpa túslíne Talaban i gCúige Takhar i mí Dheireadh Fómhair 2001.

(69) **Abdul Kabir Mohammad Jan (ar a dtugtar freisin (a) A. Kabir (b) Abdul Kabir Muhammad Jan).**

Ainm (bunscríbhinn): عبد الكبير محمد جان

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú: (a)** an Dara Leas-Uachtarán, Gnóthaí Eacnamaíocha, Comhairle na nAirí faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(b)** Gobharnóir Chúige Nangarhar faoi réimeas an Talaban (1996-2001), **(c)** Ceann Chrios an Oirthir faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1963 **(b)** 30 Eanáir.1972. **Áit bhreithe:** Ceantar Nahrin, Cúige Baghlan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009925 (a eisíodh an 22 Bealtaine 2022 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Abdul Kabir Muhammad Jan; rachaidh sé in éag an 22 Bealtaine 2027) **Seoladh:** an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Gníomhach in oibríochtaí sceimhlitheoireachta in Oirthear na hAfganastáine. Bailíonn sé airgead ó gháinneálaithe drugaí. Bhí sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó 2009. Is as Ceantar Neka, Cúige Paktia, an Afganastáin don teaghlach ó thús.

Freagrach as ionsaí a dhéanamh ar pharlaiminteoirí na hAfganastáine i mí na Samhna 2007 in Baghlan; is úinéir talún i gCúige Baghlan láir é. Is ball den treibh Zadran é. Airde 185 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 23 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1493564

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Abdul Kabir Mohammad Jan ina chomhalta de chomhairle ardcheannasaíochta an Talaban arna fhógairt ag Mohammed Omar i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus ceapadh é ina cheannasaí míleata ar limistéar an oirthir i mí Dheireadh Fómhair 2007. Tá sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó bhí 2009 ann. Bailíonn sé airgead ó gháinneálaithe drugaí thar ceann an Talaban.

(73) **Amir Khan Motaqi (ar a dtugtar freisin a) Amir Khan Muttaqi b) Amir Khan Mutaqi).**

Ainm (bunscríbhinn): امیر خان متقی

Teideal: Mullah. **Forais leis an liostú: (a)** Aire Oideachais faoi réimeas an Talaban (1991-2001) **(b)** Ionadaí an Talaban i gcainteanna faoi stiúir na Náisiún Aontaithe faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1968 **(b)** an 25 Nollaig 1970 **(c)** 1971. **Áit bhreithe: (a)** Ceantar Zurmat, Cúige Paktia, an Afganastáin, **(b)** sráidbhaile Shin Kalai, Ceantar Nad-e-Ali, Cúige Helmand, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir: (a)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009716 (a eisíodh an 25 Meán Fómhair 2021 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Amir Khan Mutaqi; rachaidh sé in éag an 25 Meán Fómhair 2026), **(b)** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009803 (a eisíodh an 13 Nollaig 2021; rachaidh sé in éag an 13 Nollaig 2026). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Bhí sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó mhí an Mheithim 2007 ar aghaidh. Is ball den treibh Sulaimankhel é. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 21 Iúil 2010. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Amir Khan Motaqi ina ionadaí ar an Talaban freisin i gcainteanna faoi stiúir na Náisiún Aontaithe le linn réimeas an Talaban.

Meastar gur comhalta mór le rá den Talaban é Amir Khan Motaqi agus bhí sé ina Aire Faisnéise agus Cultúir freisin le linn réimeas an Talaban. Bhí Amir Khan Motaqi ina chomhalta de Chomhairle réigiúnach an Talaban i mí an Mheithimh 2007. Tá sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban ó bhí Meitheamh 2007 ann.

(79) **Hamdullah Nomani (ar a dtugtar freisin (a) Hamdullah Numani)**

Ainm (bunscríbhinn): حمد هللا نعمانی

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú: (a)** Aire Ardoideachais faoi réimeas an Talaban (1996-2001) **(b)** Maor Chathair Chabúl faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1968 **(b)** an 28 Lúnasa 1965. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Sipayaw, Ceantar Andar, Cúige Ghazni, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** D0010694 (a eisíodh an 7 Aibreán 2026 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Hamdullah Numani; rachaidh sé in éag an 7 Aibreán. 2031). **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 23.2.2001.

Faisnéis eile: Tá sé ina chomhalta d'Ardchomhairle an Talaban. Creidtear go bhfuil sé i limistéar na teorann idir an Afganastáin agus an Phacastáin. Airde 174cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 23 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427408

(86) **Nooruddin Turabi Muhammad Qasim (ar a dtugtar freisin (a) Noor ud Din Turabi, (b) Mullah Noordin Torabi).**

Ainm (bunscríbhinn): نورالدین ترابی محمد قاسم

Teideal: (a) Mullah, **(b)** Maulavi. **Forais leis an liostú:** An tAire Dlí agus Cirt faoi réimeas an Talaban. **Dáta breithe: (a)** thart ar 1963, **(b)** thar ar 1955, **(c)** 1956 **(d)** an 30 Iúil. 1969. **Áit bhreithe: (a)** Ceantar Spin Boldak, Cúige Kandahar, an Afganastáin, **(b)** Ceantar Chora, Cúige Uruzgan, an Afganastáin, **(c)** Ceantar Dehrawood, Cúige Uruzgan , an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** P00429243 (a eisíodh an 15 Nollaig 2021 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Mullah Noordin Torabi; rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2031). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Fear ionaid Mullah Mohammed Omar. Airde 165 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 21 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2006-25960

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Ceapadh Nooruddin Turabi Muhammad Qasim mar cheannasaí míleata an Talaban san Afganastáin i lár 2009. Ceapadh é ina ionadaí do Mohammed Omar, ceannaire uachtarach an Talaban, agus ghlac sé páirt i gcruinnithe shura an Talaban go luath in 2009.

(87) **Abdul Salam Hanafi Ali Mardan Qul (ar a dtugtar freisin (a) Abdussalam Hanifi, (b) Hanafi Saheb (c) Abdul Salam Hanafi (ainm sa bhunscríbhinn:** عبدالسلام حنفي**)).**

Ainm (bunscríbhinn): عبدالسلام حنفی علی مردان قل

Teideal: (a) Mullah, **(b)** Maulavi. **Forais leis an liostú:** Leas-Aire Oideachais faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1968 **(b)** an 1 Eanáir. 1969. **Áit bhreithe: (a)** Ceantar Darzab, Cúige Faryab, an Afganastáin, **(b)** Ceantar Qush Tepa, Cúige Jawzjan, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir: (a)** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine D00009723 **(b)** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0010098 (a eisíodh an 4 Aibreán 2023 i gCabúl, an Afganastáin faoin ainm Abdul Salam Hanafi, rachaidh sé in éag an 4 Aibreán 2028). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 23.2.2001.

Faisnéis eile: Comhalta den Talaban a bhí freagrach as Cúige Jawzjan i dTuaisceart na hAfganastáine go dtí 2008. Bainteach le gáinneáil ar dhrugaí. Airde 178 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 1 Meitheamh 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. An nasc gréasáin le haghaidh Fógraí Speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/1427380

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Ó mhí na Bealtaine 2007, chuir ceannaireacht an Talaban Abdul Salam Hanafi Ali Mardan Qul i gceannas ar Chúige Jawzjan. Ina theannta sin, ba é an comhalta den Talaban a bhí freagrach as Cúige Jawzjan i dTuaisceart na hAfganastáine go dtí 2008. Creidtear go bhfuil baint aige le gáinneáil ar dhrugaí.

(94) **Noor Mohammad Saqib (ar a dtugtar freisin: (a) Noor Mohammed Saqeb).**

Forais leis an liostú: Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** thart ar 1958 **(b)** an 18 Meán Fómhair 1963. **Áit bhreithe: (a)** Ceantar Bagrami, Cúige Chabúl, an Afganastáin, **(b)** Limistéar Tarakhel, Ceantar Deh Sabz District, Cúige Chabúl, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009914 (a eisíodh an 10 Bealtaine 2022 san Afganastáin faoin ainm Noor Mohammed Saqeb; rachaidh sé in éag an 10 Bealtaine 2027). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 25.1.2001.

Faisnéis eile: Comhalta d'Ardchomhairle an Talaban agus Ceann Choiste Reiligiúnach an Talaban. Is ball den treibh Ahmadzai é. Airde 175 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 23 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2006-26129

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Noor Mohammad Saqib ina chomhalta de cheannaireacht an Talaban agus ina cheann ar a Choiste Reiligiúnach, a fheidhmíonn mar bhrainse breithiúnach den Talaban.

(110) **Abdul-Haq Wassiq (ar a dtugtar freisin: (a) Abdul-Haq Wasseq, (b) Abdul Haq Wasiq (c) Abdul Haq Waseeq).**

Ainm (bunscríbhinn): عبد الحق وثيق

Teideal: Maulavi. **Forais leis an liostú:** Leas-Aire Slándála (Faisnéis) faoi réimeas an Talaban (1996-2001). **Dáta breithe: (a)** 1971 **(b)** thart ar 1975 **(c)** 20 MF. 1968. **Áit bhreithe:** sráidbhaile Gharib village, Ceantar Khogyani, Cúige Ghazni, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Pasuimhir:** Pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0009755, arna eisiúint an 23 Deireadh Fómhair 2021 (faoin ainm Abdulhaq Wasseq; rachaidh sé in éag an 23 Deireadh Fómhair 2026). **Seoladh:** Catar, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 31.1.2001.

Faisnéis eile: Airde 168 cm. Tugadh an t-athbhreithniú de bhun Rún 1822 (2008) ón gComhairle Slándála i gcrích an 27 Iúil 2010. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2006-25979

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Abdul-Haq Wassiq comhghuaillithe le Gulbuddin Hekmatyar. Faoi réimeas an Talaban, bhí post mar cheannasaí áitiúil aige i gcúige Nimroz agus ina dhiaidh sin i gcúige Kandahar. Bhí sé ina Leas-Ardstiúrthóir Faisnéise ina dhiaidh sin, ag tuairisciú do Qari Ahmadullah. San cháil sin, bhí sé i gceannas ar chaidreamh a láimhseáil le trodaithe eachtracha ag a raibh baint le Al-Qaida agus lena gcampaí oiliúna san Afganastáin. Bhí droch-chlú air freisin as na modhanna diansmachta a d'úsáid sé i gcoinne lucht freasúra an Talaban i nDeisceart na hAfganastáine.

(115) **Malik Noorzai (ar a dtugtar freisin: (a) Hajji Malik Noorzai, (b) Hajji Malak Noorzai, (c) Haji Malek Noorzai, (d) Haji Maluk, (e) Haji Aminullah, (f) Allah Muhammad).**

Ainm (bunscríbhinn): مالک نورزی

Teideal: Haji. **Forais leis an liostú:** Airgeadaí Talaban. **Dáta breithe: (a)** 1957, **(b)** 1960, **(c)** an 1 Eanáir 1963. **Áit bhreithe: (a)** Baile teorann Chaman, an Phacastáin, **(b)** Pishin, Cúige Baluchistan, an Phacastáin. **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Seoladh: (a)** Boghra Road, Miralzei Village, Chaman, Baluchistan Province, an Phacastáin, **(b)** Kalay Rangin, Spin Boldak District, Kandahar Province, an Afganastáin. Uimhir aitheantais náisiúnta na Pacastáine 54201-247561-5, curtha ar ceal go hoifigiúil in 2013. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 4.10.2011.

Faisnéis eile: Airgeadaí Talaban. Tá gnólachtaí aige sa tSeapáin agus is minic a thaistealaíonn sé go Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus an tSeapáin. Ó 2009 i leith, d'éascaigh sé gníomhaíochtaí an Talaban, lena n-áirítear trí earcaíocht agus trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar. Is ball den treibh Noorzai é. Deartháir le Faizullah Khan Noorzai. Haji Akhtar Muhammad is ainm dá athair. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/4670985

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is fear gnó é Malik Noorzai atá lonnaithe sa Phacastáin agus a thug tacaíocht airgeadais don Talaban. Tá na milliúin dollar infheistithe ag Malik agus a dheartháir, Faizullah Noorzai Akhtar Mohammed Mira Khan, i ngnólachtaí éagsúla thar ceann an Talaban. Ag deireadh 2008, chuaigh ionadaithe an Talaban i dteagmháil le Malik mar fhear gnó lena dtiocfadh leo cistí an Talaban a infheistiú. Ó 2005 ar a laghad, chuir Malík na mílte dollar isteach go pearsanta freisin agus dháil sé na céadta míle dollar ar an Talaban, ar bailíodh cuid den airgead sin ó dheontóirí i réigiún na Murascaille agus sa Phacastáin agus ar airgead dá chuid féin an chuid eile. Láimhseáil Malik cuntas hawala sa Phacastáin freisin a fuair na mílte dollar a aistríodh ón Murascaill gach cúpla mí chun tacú le gníomhaíochtaí an Talaban. D'éascaigh Malik gníomhaíochtaí an Talaban freisin. Ó 2009 i leith, bhí Malik ina phríomhchúramóir ar *mhadrassa* (scoil reiligiúnach) ar feadh 16 bliana i réigiún teorann na hAfganastáine/na Pacastáine, a d'úsáid an Talaban chun earcaigh a shíolteagasc agus oiliúint a chur orthu. I measc nithe eile, chuir Malik na cistí ar fáil a thacaigh leis an *madrassa*. Bhí ról ag Malik, in éineacht lena dheartháir, feithiclí a stóráil lena n-úsáid in oibríochtaí buamála féinmharaithe an Talaban agus chuidigh sé le trodaithe Talaban a bhogadh timpeall Chúige Helmand san Afganastáin. Tá gnólachtaí ag Malik sa tSeapáin agus is minic a thugann sé cuairt ar Dubai agus ar an tSeapáin le haghaidh cúrsaí gnó. Chomh luath le 2005, bhí gnólacht allmhairithe feithiclí ag Malik san Afganastáin a d'allmhairigh feithiclí ó Dubai agus ón tSeapáin. D'allmhairigh sé gluaisteáin, páirteanna uathoibríocha agus éadaí ó Dubai agus ón tSeapáin dá ghnólachtaí, ina bhfuil infheistíocht déanta ag beirt cheannasaithe de chuid an Talaban. I lár na bliana 2010, d'éirigh le Malik agus lena dheartháir na céadta coimeádan lasta, ar fiú na milliúin dollar iad de réir na dtuairiscí, a scaoileadh saor, coimeádáin a d'urghabh údaráis na Pacastáine níos luaithe an bhliain sin toisc gur chreid siad go raibh baint ag na faighteoirí leis an sceimhlitheoireacht.

(117) **Ahmad Zia Agha (ar a dtugtar freisin (a) Zia Agha, (b) Noor Ahmad, (c) Noor Ahmed, (d) Sia Agha Sayeed (e) Noor Ahmad Agha).**

Teideal: Haji. **Dáta breithe: (a)** 1974 **(b)** 25 Meitheamh 1979. **Áit bhreithe:** Ceantar Maiwand, Cúige Kandahar, an Afganastáin. **Náisiúntacht:** an Afganastáin. **Pasuimhir:** pas taidhleoireachta na hAfganastáine D0010409, a eisíodh an 29 Lúnasa 2024 i gCabúl, an Afganastáin, faoin ainm Noor Ahmad Agha; rachaidh sé in éag an 29 Lúnasa 2029). **Seoladh:** Cabúl, an Afganastáin. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 6.1.2012.

Faisnéis eile: oifigeach sinsearach Talaban a raibh freagrachtaí míleata agus airgeadais air amhail in 2011. Bhí sé ina cheannaire de Chomhairle Mhíleata an Talaban ó 2010. In 2008 agus 2009, bhí sé ina oifigeach airgeadais de chuid an Talaban agus dháil sé airgead ar cheannasaithe de chuid an Talaban i limistéar teorann na hAfganastáine/na Pacastáine. Airde: 180cm. Tá grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2012-308182

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is ceannaire sinsearach de chuid an Talaban é Ahmad Zia Agha a bhfuil freagrachtaí míleata agus airgeadais air. In 2010, bhí Ahmad Zia Agha ina cheannaire ar *shura* (comhairle) míleata an Talaban, a stiúir oibríochtaí míleata an Talaban in iarthar na hAfganastáine. In 2009, bhí Ahmad Zia Agha ina oifigeach airgeadais de chuid an Talaban agus dháil sé airgead ar cheannasaithe an Talaban. Mar chuid dá fhreagrachtaí airgeadais, d'aistrigh Ahmad Zia Agha na mílte dollar chuig scáthghobharnóirí cúigeacha an Talaban; chuir cisteoir *shura* an Talaban na céadta míle dollar ar iontaoibh Ahmad Zia Agha freisin chun oibríochtaí gaireas pléascach seiftithe a mhaoiniú. In 2008, bhí baint ag Ahmad Zia Agha le cistí a dháileadh ar cheannasaithe an Talaban san Afganastáin agus d'aistrigh sé airgead chuig daoine aonair a raibh baint acu leis an Talaban lasmuigh den tír. D'éascaigh sé cumarsáid freisin.

(125) **Abdul Rauf Zakir (ar a dtugtar freisin Qari Zakir).**

Ainm (bunscríbhinn): عبد الروف ذاكر

Teideal: Qari **Dáta breithe:** Idir 1969 agus 1971. **Áit bhreithe:** Cúige Chabúl, an Afganastáin **Náisiúntacht:** Afganastánach. **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 5.11.2012.

Faisnéis eile: Ceann na n-oibríochtaí féinmharaithe do Líonra Haqqani faoi Sirajuddin Jallaloudine Haqqani agus i gceannas ar na hoibríochtaí uile i gcúigí Chabúl, Takhar, Kunduz agus Baghlan. Déanann sé maoirseacht ar oiliúint ionsaitheoirí féinmharaithe agus cuireann sé treoracha ar fáil maidir le conas gairis phléascacha sheiftithe (IEDanna) a thógáil. D'éag sé, de réir tuairiscí, an 22 Meán Fómhair 2018. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/5039797

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is é Abdul Rauf Zakir ceann na n-oibríochtaí féinmharaithe do Líonra Haqqani agus is é an ceannasaí é atá i gceannas ar na hoibríochtaí uile i gcúigí Cabúl, Takhar, Kunduz agus Baghlan san Afganastáin. Chuaigh Zakir i dteagmháil le ceannaire Líonra Haqqani Sirajuddin Haqqani i dtuairim is 2008, agus d'iarr sé cúnamh airgeadais mar mhalairt ar thionchar agus oibríochtaí Líonra Haqqani a leathnú isteach i dtuaisceart na hAfganastáine, agus tá sé anois ina chomhlach agus ina rúnaí iontaofa de Sirajuddin.

Mar cheann na n-oibríochtaí féinmharaithe, tá Zakir freagrach as oiliúint a chur ar earcaigh. Faoina chlár, cuirtear oiliúint ar earcaigh maidir le mionairm bhunúsacha, airm throma, agus gairis phléascacha seiftithe bunúsacha a thógáil.

Bhí baint ag Zakir le go leor d'ionsaithe féinmharaithe ardphróifíle Líonra Haqqani agus tá sé freagrach go páirteach as cuid de na cinntí deiridh a dhéanamh maidir le cibé acu dul ar aghaidh le hionsaithe mórscála atá beartaithe ag ceannasaithe áitiúla ar leibhéal an cheantair nó gan dul ar aghaidh leo. I measc na n-ionsaithe ina n-úsáidtear pearsanra a roghnaíodh ó chlár oiliúna Zakir tá an t-ionsaí a rinneadh i mí an Mheithimh 2011 ar Intercontinental Hotel i gCabúl, inar maraíodh 11 shibhialtach agus beirt phóilíní Afganastánacha, agus an t-ionsaí a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2011 ar Ambasáid na Stát Aontaithe i gCabúl, inar maraíodh 16 Afganastánach, lena n-áirítear seisear leanaí ar a laghad.'

(2) Faoin gceannteideal 'B. Eintitis agus grúpaí agus gnóthais eile a bhfuil baint acu leis an Talaban', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a liostaítear thíos:

'(1) **Haji Khairullah Haji Sattar money exchange (ar a dtugtar freisin (a) Haji Khairullah-Haji Sattar Sarafi, (b) Haji Khairullah and Abdul Sattar and Company, (c) Haji Khairullah Money Exchange, (d) Haji Khair Ullah Money Service, (e) Haji Salam Hawala, (f) Haji Hakim Hawala, (g) Haji Alim Hawala, (h) Sarafi-yi Haji Khairullah Haji Satar Haji Esmatullah).**

Seoladh: Branch Office 6: Shop number 237, Shah Zada Market (ar a dtugtar freisin Sarai Shahzada), Puli Khishti area, Police District 1, Cabúl, an Afganastáin, Teileafón: +93-202-103386, +93-202-101714, 0202-104748, Fón póca: +93-797-059059, +93-702-222222, ríomhphost: helmand_exchange_msp@yahoo.com), (g) (Branch Office 7: (i) Shops number 21 and 22, 2nd Floor, Kandahar City Sarafi Market, Kandahar City, Kandahar Province, an Afganastáin, (ii) New Sarafi Market, 2nd Floor, Kandahar City, Kandahar Province, an Afganastáin, (iii) Safi Market, Kandahar City, Kandahar Province, an Afganastáin), (h) (Branch Office 8: Gereshk City, Nahr-e Saraj District, Helmand Province, an Afganastáin), (i) (Branch Office 9: (i) Lashkar Gah Bazaar, Lashkar Gah, Lashkar Gah District, Helmand Province, an Afganastáin, (ii) Haji Ghulam Nabi Market, 2nd Floor, Lashkar Gah District, Helmand Province, an Afganastáin), (j) (Branch Office 10: (i) Suite numbers 196-197, 3rd Floor, Khorasan Market, Herat City, Herat Province, an Afganastáin, (ii) Khorasan Market, Shahre Naw, District 5, Herat City, Herat Province, an Afganastáin), (k) (Branch Office 11: (i) Sarafi Market, Zaranj District, Nimroz Province, an Afganastáin, (ii) Ansari Market, 2nd Floor, Nimroz Province, an Afganastáin), (l) (Branch Office 12: Sarafi Market, Wesh, Spin Boldak District, an Afganastáin), (m) (Branch Office 13: Sarafi Market, Farah, an Afganastáin), (n) (Branch Office 14: Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), (o) (Branch Office 15: Zahedan, an Iaráin), (p) (Branch Office 16: Zabul, an Iaráin). Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 29.6.2012.

Faisnéis eile: Afghan Money Service Provider Uimhir Cheadúnais: 044. Bhain ceannaireacht an Talaban úsáid as Haji Khairullah Haji Sattar Money Exchange chun airgead a aistriú chuig ceannasaithe an Talaban chun trodaithe agus oibríochtaí san Afganastáin a chistiú ó 2011 ar aghaidh. Gníomhach i gCúige Kunar. Bainteach le Abdul Sattar Abdul Manan agus Khairullah Barakzai Khudai Nazar. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals#2012-342539

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Haji Khairullah Haji Sattar Money Exchange (HKHS) faoi chomhúinéireacht Abdul Satar Abdul Manan agus Khairullah Barakzai Khudai Nazar. D'oibrigh Satar agus Khairullah malartuithe airgid go comhpháirteach ar fud na hAfganastáine, na Pacastáine, agus Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Bhain ceannairí an Talaban úsáid as HKHS chun airgead a scaipeadh ar scáth-ghobharnóirí agus ar cheannasaithe an Talaban agus chun aistrithe *hawala* (seirbhís aistrithe airgid neamhfhoirmiúil) a fháil don Talaban. Ó 2011, d'aistrigh ceannaireacht an Talaban airgead chuig ceannasaithe an Talaban san Afganastáin trí úsáid a bhaint as HKHS. Ag deireadh 2011, baineadh úsáid as brainse HKHS in Lashkar Gah, Cúige Helmand, an Afganastáin, chun airgead a sheoladh chuig scáth-ghobharnóir an Talaban do Chúige Helmand. I lár na bliana 2011, d'úsáid ceannasaí Talaban brainse HKHS i réigiún na teorann idir an Afganastáin agus an Phacastáin chun trodaithe agus oibríochtaí san Afganastáin a mhaoiniú. Tar éis don Talaban méid suntasach airgead tirim a thaisceadh leis an mbrainse HKHS sin, d'fhéadfadh ceannasaithe an Talaban rochtain a fháil ar na cistí ó aon bhrainse HKHS. D'úsáid pearsanra an Talaban HKHS in 2010 chun airgead a aistriú chuig *hawalas* san Afganastáin áit a bhféadfadh ceannasaithe oibríochtúla rochtain a fháil ar na cistí. Ag deireadh 2009, rinne bainisteoir bhrainse HKHS in Lashkar Gah maoirseacht ar ghluaiseacht chistí an Talaban trí HKHS.'